

# Lomadh atá neamhdhíobhálach d'fhiadhúlra

## Tá dhá ghné sa choincheap seo:

1. Luas mall lomtha a choinneáil (idir 5-7km san uair), a thugann deis d'éin agus sicíní éalú ó thosach an lomaire.
2. Ag lomadh ar dhóigh go mbrúitear na héin amach go dtí imeall na páirce.



*Níl sé ceadaithe imeall na páirce a ghearradh sula ngearrtar lár na páirce, mar nach gcuireann seo clúdach leanúnach ar fáil do na héin agus mar sin cuireann seo an choincheap ar fad ó mhaith.*




1. Gearr píosa beag le tiontú ag gach taobh den pháirc.
2. Lom síos lár na páirce.
3. Coinnigh ag lomadh ón lár amach.

*Must maintain low mowing speed (5-7km/hr)*



## Limistéar tearmainn

Tá sé tábhachtach stráice 5m a fhágáil (dhá lomaire ar leithead) ar thaobh na páirce le deis a thabhairt do thraonaigh dul i bhfolach go sábháilte.

Cruthaíonn sé conair fhiadhúlra d'ainmhithe eile.

Níor chóir limistéir tearmainn a ghearradh ar feadh tréimhse idir choicís agus mí.




## Barra le haghaidh beathú réamhreithíochta

Thig barra le haghaidh beathú réamhreithíochta a chur ar thosach an tarracóra le cuidiú leat an féar a lomadh ón lár amach.

Scanraíonn an barra seo an fiadhúlra agus imíonn siad as an bhealach.

# Cén dóigh le clúdach do thraonaigh a chruthú go luath




## Caithfidh an limistéar seo...

... a bheith taobh istigh de nó ceangailte le móinéar nó féarach a bhainisteofar níos moille sa tsamhradh *msh. i ndiaidh 15 Lúnasa.*

... a bheith suite ar shiúl ó chrainn nó scrobarnaí.

... a bheith clúdaithe ón ghaoth a oiread agus is féidir *msh. é a bheith in aice le balla cloiche, díog nó bruach nó in aice le seanfhoirgneamh feirme.*

... a bheith rómhartha sula gcuirfear síolta le clúdach an fhéir a laghdú.

**CÉN DÓIGH LE DHÁ PHRÍOMHCHLÚDACH A CHUR MAR CHLÚDACH LUATH DO THRAONAIGH:**

## Plandaí nádúrtha luibheach

1. Ullmhaigh an talamh ag baint leas as treabhadh nó fuirseadh leis an fhéar a bhaint.
2. Cuir riosóim neantóige ar an talamh ansin.
3. Clúdaigh é le haoileach, sean bhurla nó múirín oiriúnach agus bíodh doimhneacht 10cm ann ar a laghad (6 orlaí).



Feabhrán

*Thig síolta ar nós Feabhrán, Peirsil Bhó nó fiú neantóga a chur ar bharr an aoiligh/an bhurla/an mhúirín.*



Neantóga



Peirsil Bhó

An clúdach luath is fearr!

Ní gá ionchur fadtéarmach.

## Barraí* *Cuiscreach san áireamh

1. Treabh an talamh go héadomhain.
2. Fuirsigh agus ullmhaigh ceapach síl. ***Cinnteoidh seo go mbeidh 90% de rath air.***
3. Cuir síolta an bharra chomh díreach agus is féidir. Má úsáidtear leatóir caithfear na síolta a chlúdach le fuirseadh éadrom agus ansin caithfear iad a rolladh ansin. ***Ní thiocfaidh rud ar bith as síolta atá nochta.***



Coirce



Cál

*Ná úsáid luibhicíd mar go maróidh seo speicis plandaí ar leith.*

*Má tá leasú in úsáid ba chóir seo a dhéanamh trí seachtaine sula gcuirfear na síolta agus san áit a mholtar é a úsáid amháin.*



## Ag baint riosóim neantóga

1. Gearr anuas gas neantóige na bliana anuraidh.
2. Tochail amach fód ag baint leas as píce rómhair nó spád.
3. Tiontaigh an fhód le riosóim na neantóga a nochtadh. *Tá na riosóim níos sine buí agus éadomhain. Tá dath bándearg ar na riosóim óga.*
4. Croith créafóg ar bith atá fágtha ar na riosóim daofa.
5. Tabhair leat abhaile na riosóim neantóga agus nigh go maith iad le píobán le fáil réidh le hinveirteabraigh agus nithe eile nach bhfuil uait.



# AG FEIRMEOIREACHT AR MHAITHE *leis an* TRAONACH

## *Treoir maidir le bainistíocht ghnáthóige*

*This project has received funding from the European Union's LIFE programme under Grant Agreement No. LIFE18 NAT/IE/000090 LIFE Atlantic Crex*

Corncrake Traonach LIFE

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

# AG FEIRMEOIREACHT AR MHAITHE *leis an* TRAONACH

Léaráid d'fheirm idéalaithe a ligean do chleachtais feirmeoireachta agus traonaigh (*agus fiadhúlra eile*) maireachtáil le chéile.

Thig le cúpla athrú i do chuid cleachtais fheirmeoireachta ráta marthanais na n-éan seo atá i mbaol a mhéadú agus sa mhullach ar an mhéid sin, gan na cleachtais fheirmeoireachta seo ní bheadh an traonach ábalta síolrú ann mar gheall ar chomh fiáin agus a bheadh an talamh.

**Tá an traonach ag brath ort!**

Má chuireann tú roinnt barraí agus má ligean tú d'áiteacha nádúrtha forbairt d'fhéadfá difear ollmhór a dhéanamh.




| DF | SAMH | NOL | EAN | FEA | MÁR | ABR | BEAL | MEITH | IÚIL | LÚN | MF |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

***Clúdach a chruthú go luath***

**Deireadh Fómhair go lár mí Aibreáin:** Seo an t-am le clúdach úr a chruthú go luath nuair nach bhfuil traonaigh ar a gcuid meánna síolraithe.

***Pórú traonaigh***

**Lár mí Aibreáin go lár mí Mheán Fómhair:** Tá traonaigh ag neadú agus iad thar a bheith leochaileach mar go dtiocfadh leo an ghnáthóg a chailleadh mar gheall ar na contúirtí a bhaineann le baint an fhéir.


Corncrake Traonach LIFE
www.corncrakelife.ie
@CorncrakeLife.ie @CorncrakeLife